# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 93 I

An t-eagrán Gaeilge — Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

28 Feabhra 2022

Clár

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 93 I/01 Fógra d'allmhaireoirí — Allmhairiú earraí isteach san Aontas, arb earraí iad atá de thionscnamh na limistéar nach bhfuil faoi rialú an rialtais i réigiúin Donetsk agus Lugansk na hÚcráine ........................ 1

GA

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Fógra d'allmhaireoirí**

**Allmhairiú earraí isteach san Aontas, arb earraí iad atá de thionscnamh na limistéar nach bhfuil faoi rialú an rialtais i réigiúin Donetsk agus Lugansk na hÚcráine**

(2022/C 93 I/01)

Le Rialachán (AE) 2022/263 ón gComhairle an 23 Feabhra 2022 maidir le bearta sriantacha mar fhreagairt ar aitheantas a bheith tugtha do na limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais i réigiúin Donetsk agus Lugansk na hÚcráine agus ar an ordú fórsaí armtha na Rúise a chur chun na limistéar sin, tugadh isteach toirmeasc ar earraí de thionscnamh na limistéar sin a allmhairiú isteach san Aontas Eorpach ón lá tar éis lá a fhoilsithe ([1]).

Moltar d'allmhaireoirí san Aontas cúram cuí a ghlacadh chun tionscnamh iarbhír na n-earraí a dhearbhóidh siad a fhionnadh ós rud é go bhfuil rioscaí ann go ndéanfar earraí atá faoi réir an toirmisc dá bhforáiltear sa Rialachán thuasluaite a allmhairiú isteach san Aontas ó thíortha comharsanachta na hÚcráine, ón Rúis agus ón mBealarúis go háirithe. D'fhéadfadh sé seo a bheith amhlaidh go háirithe i gcás táirgí guail atá faoi cheannteideal AC 2701 agus táirgí cruach atá faoi cheannteidil AC 7201 go 7207 agus atá faoi cheannteidil AC 7304, 7305 agus 7306. I bhfianaise riosca an inchéimnithe sin, maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht na dtáirgí sin a allmhairítear ón Rúis agus ón mBealarúis, féadfaidh sin a bheith faoi réir fianaise dhoshéanta a sholáthar do lucht custaim, fianaise á rá nach bhfuil na hearraí sin san áireamh faoin toirmeasc ar allmhairiú earraí de thionscnamh na limistéar nach bhfuil faoi rialú an rialtais i réigiún Donetsk agus Lugansk na hÚcráine.

([1]) IO L 42 I, 23.2.2022, lch. 77.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA